

Pléigh na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le bolcáin (2018 C1)

Tarlaíonn bolcáin nuair a bhriseann magma leáite trí chraos nó trí scoilteán go dtí dromchla an domhain. Leathnaíonn boilgeoga gáis mar gheall ar an magma atá ag ardú, rud a bhrúnn an magma suas. Nuair a shroicheann an magma an dromchla scaoileann sé brú. Bíonn sé seo ina chúis le brúchtadh bolcánach. Baineann go leor éifeachtaí dearfacha le bolcáin. Bíonn ithreacha laibhe mar thoradh ar bholcáin. Tá neart iarainn sna hithreacha seo agus oireann siad d'fhás caife m.sh. Ardchlár Deccan san India.

Bíonn bolcáin ina gcúis le hoileáin bholcánacha nua m.sh. Oileáin Haváí. Cruthaítear iad mar gheall ar an bpointe te Haváíoch. Tarlaíonn pointe te nuair a bhíonn gníomhaíocht theicteonach i lár plátaí agus teocht ard sa mhaintlín, a chruthaíonn scairdeán de chlocha atá ag éirí. Éiríonn colún magma ón bpointe te agus brúchtann sé tríd an bpláta. De réir mar a ghluaiseann an pláta, ardaíonn magma suas trí scoilteanna sa screamh agus foirmítear bolcán. Tá an pointe te Haváíoch 3,200km ón teorainn phlátaí is cóngaraí, atá i lár Phláta an Aigéin Chiúin. De réir mar a théann Pláta an Aigéin Chiúin thar an bpointe te, bíonn bolcán ann. Tá an pointe te Haváíoch 500-600km ar leithead, 100km faoi leibhéal na farraige, agus tá sé 86 milliún bliain d'aois. Tá foirmiú na n-oileán bolcánach nua dearfach. De réir mar a théann bolcáin in aois, d'fhéadfadh siad a bheith marbh. Mar sin bheadh na hoileáin nua seo sábháilte do lonnaíocht dhaonna, agus dá bhrí sin chuirfeadh siad cosc le daoine gan dídean.

Tá an turasóireacht ina héifeacht dhearfach eile a bhaineann le bolcáin. Tá géasair san Íoslainn agus i bPáirc Náisiúnta Yellowstone, a mheallann turasóirí ó go leor tíortha éagsúla. Tugtar 'Old Faithful' ar an ngéasar is cáiliúla ag Páirc Náisiúnta Yellowstone. San Íoslainn, tá an-tóir ar thurasóireacht leighis. Tá an linn théite teirmeach, ar a dtugtar an 'Murlach Gorm' nasctha le breoiteachtaí cosúil le hairtríteas a mhaolú, agus mealltar 2.3 milliún cuairteoir chuig an áit seo gach bliain.

Tionchar dearfach eile a bhaineann le bolcáin is ea fuinneamh geoiteirmeach a tháirgtear san Íoslainn. Déantar fuinneamh geoiteirmeach a ghabháil nuair a dhéanann magma an talamh atá 1 chiliméadar faoi dhromchla an domhain a théamh.

Sileann frasaíocht 3km síos go dtí an bhuncharraig. Téitear an deascadh go 380°C, agus bíonn craos gaile agus foinse the ann. Déantar druileáil ar phoill tóraíochta agus faightear an t-uisce te agus é ag galú ar an dromchla. Casann an t-uisce seo tuirbíní, a ghineann leictreachas. Baineann go leor buntáistí le fuinneamh geoiteirmeach don Íoslainn. Sa gheimhreadh, ní bhíonn oighear ar na cosáin san Íoslainn a bhuí le teas faoin urlár. Is féidir fuinneamh geoiteirmeach a easpórtáil chomh maith. Tá pleananna ann 1,300km de phíblínte a leagan ón Íoslainn go hAibain, a chuirfeadh go mór le geilleagar na hÍoslainne. Chomh maith leis sin, soláthraíonn fuinneamh geoiteirmeach 30% d'fhuinneamh an náisiúin, agus tá an cumas ann an figiúr 40% a bhaint amach sna blianta amach romhainn.